

# Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

## PLEAN SEIRBHÍSE 2021



**cetb**

Bord Oideachais agus  
Oiliúna Chorcaí

*Cork Education and  
Training Board*

**Tá conair ann do gach foghlaimeoir**

## Clár na nÁbhar

<b>1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.....</b>	<b>3</b>
<b>2. Brollach ón bPríomhfheidhmeannach.....</b>	<b>3</b>
<b>3. Próifíl / Cúlra BOO Chorcaí .....</b>	<b>4</b>
Léarscáil Gheografach de BOO Chorcaí .....	5
<b>4. Ráiteas Straitéise .....</b>	<b>6</b>
Fís, Misean, Téamaí Straitéiseacha .....	6
Cad is brí lenár Luachanna.....	8
Monatóireacht ar an bPlean Seirbhíse.....	10
Sreabhadh Oibre don Timthriall Pleanála .....	11
<b>5. Ráiteas Seirbhísí 2021 .....</b>	<b>12</b>
<b>6. Forbhreathnú ar Sheirbhísí (Sonrach do BOO) .....</b>	<b>26</b>
SCOILEANNA.....	26
Bunscoileanna.....	26
Iar-bhunscoileanna.....	26
BREISOIDEACHAS & OILIÚINT .....	26
Coláistí Breisoideachais .....	26
Ionad Oiliúna Chorcaí (Seirbhísí Oiliúna).....	27
Seirbhísí Óige.....	27
Ógtheagmháil.....	28
Lítearthacht d'Aosaigh .....	28
Oideachas Pobail .....	29
Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas (BTEI) .....	29
Seirbhísí Treorach Chorcaí.....	30
Seirbhísí Oideachais Allamuigh.....	30
TACAÍOCHT EAGRAÍOCHTÚIL .....	30
Caipiteal & Soláthar.....	31
Seirbhísí Corparáideacha.....	31
Acmhainní Daonna.....	32
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide .....	32
Airgeadas .....	32
SEIRBHÍSÍ EILE .....	33
Seirbhísí Naíolainne .....	33
<b>7. Fáltais agus Caiteachas Réamh-Mheasta 2021.....</b>	<b>34</b>

## 1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Mar Chathaoirleach ar BOO Chorcaí, tá bród orm an Plean Seirbhíse do 2021 a chur i láthair. Is léiriú ar na téamaí, tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise BOO Chorcaí 2017 - 2021 é an Plean Seirbhíse seo.

Tá na tosaíochtaí a leagadh amach le seachadadh le linn 2021 ag teacht chun cinn ó mhúnla tinrimh ar an láthair go samhail atá solúbtha maidir leis na héilimh a chuirtear ar an tsochaí mar fhreagairt ar an bpaindéim Covid-19. Ag an am céanna, leanann BOO Chorcaí ag cinntiú go bhfuil a sheirbhísí ábhartha, lárnach don iarracht náisiúnta agus ag an am céanna ag soláthar níos mó conairí dul chun cinn a chuireann an foghlaimeoir ag croílár an tseachadta.

Ba mhaith liom gach rath a ghuí ar bhaill foirne agus ar fhoghlaimeoirí agus muid ag obair le chéile chun na tosaíochtaí atá leagtha amach do 2021 a bhaint amach le linn bliana a bheidh dúshlánach agus chun leanúint le BOO Chorcaí a chur chun cinn mar rogha sheirbhís d'fhoghlaimeoirí agus do pháirtithe leasmhara.

An Comhairleoir Patrick Gerard Murphy

Cathaoirleach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chontae Chorcaí

## 2. Brollach ón bPríomhfheidhmeannach

Mar Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, táim bródúil as Plean Seirbhíse 2021 a chur i láthair. Leagtar amach sa Phlean Seirbhíse seo an chaoi a leanaimid orainn ag oiriúnú agus ag fás in am dúshlánach nuair is é an t-aon ní comhsheasmhach don tsochaí agus d'fhoghlaimeoirí ná athrú agus inoiriúnaitheacht inár bhfreagra ar Covid-19.

Feabhsófar ról BOO Chorcaí maidir leis an bhfoghlaimeoir a chur i gcroílár an tseachadta trína chinntiú go gcomhlíontar riachtanais an tionscail agus an phobail freisin. Tá ár gcur chuige i leith soláthar seirbhíse bunaithe ar fhreastal ar riachtanais an fhoghlaimeora mar dhuine aonair agus mar bhall dá phobal agus den tsochaí i gcoitinne. Sna hamanna dúshlánacha seo, leanfaidh BOO Chorcaí ag soláthar roghanna oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán chun na riachtanais seo a chomhlíonadh agus leanfaidh siad de bheith ag freagairt do riachtanais fostóirí agus do na tosaíochtaí atá leagtha síos ag an Rialtas.

Tá ról lárnach ag BOO Chorcaí inár sochaí agus tá sé ar ár gcumas oiriúnú agus comhordú a dhéanamh le páirtithe leasmhara éagsúla chun a chinntiú go seachadtar seirbhísí solúbtha agus inoiriúnaithe dár bhfoghlaimeoirí agus dár bpáirtithe leasmhara. Mar eagraíocht seirbhíse, tá sé ríthábhachtach cumas BOO Chorcaí cláir oideachais agus oiliúna iomchuí agus ábhartha a phleanáil, a sholáthar, a chomhordú, a athbhreithniú agus a sheachadadh chun seirbhís éifeachtach, éifeachtúil agus cuntasach a chinntiú d'fhoghlaimeoirí.

Ní bheifí ábalta seirbhísí a sholáthar mura mbeadh na baill foirne ar fad chomh díograiseach agus tiomanta is atá siad, a dhéanann cinnte, mar gheall ar a n-iarrachtaí ar bhonn laethúil,

go leanann BOO Chorcaí ag fás agus gurb é BOO Chorcaí an rogha soláthraí oideachais do mhuintir Chorcaí.

An tUasal Denis Leamy,

Príomhfheidhmeannach, Bord Oideachais agus Oiliúna, Chorcaí


### 3. Próifíl / Cúlra BOO Chorcaí

Ritheadh an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, i mBealtaine 2013 le bheith in éifeacht ó 1 Iúil 2013. Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí (dá ngairtear BOO Chorcaí anseo feasta) faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach don Roinn Oideachais (dá ngairtear ROS anseo feasta) agus don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (dá ngairtear RBANTE anseo feasta) chun a fheidhmeanna a threorú agus a rialú i gceantair údarás áitiúil, laistigh de limistéir údarás áitiúil Comhairle Contae Chorcaí agus Comhairle Cathrach Chorcaí.

Is é BOO Chorcaí an t-aon chomhlacht reachtúil i gCorcaigh a bhfuil sé de fhreagracht air oideachas agus oiliúint a sholáthar thar raon leathan seirbhísí. Leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil, bíonn dúshlán ann don eagraíocht nuair a dhéantar iad a chomhcheangal le líon na bhfoghlaimoírí agus le héagsúlacht na n-ionchais atá ag foghlaimoírí. Is iad seo a leanas raon na seirbhísí a sholáthraíonn BOO Chorcaí maidir le hoideachas, oiliúint agus gníomhaíochtaí:

Daltaí Bunscoile
Daltaí Iarbhunscoile
Mic Léinn Breisoideachais (PLC)
Oiliúint Printíseachta
Ionaid Oiliúna Pobail
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla
Soláthraithe Sainoiliúna
Oiliúint Saincileanna
Traenáil ar Chúrsaí Oiliúna
Ógtheagmháil
Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh
Grúpaí an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas
BCTE
Oiliúint um Thráthnóna
DOBA
Scileanna don Obair
Scileanna chun Dul Chun Cinn
Oideachas Pobail
Teagasc Deonach Litearthachta
Aitheantas Réamhfhoghlama
Oideachas Allamuigh


## Léarscáil Gheografach de BOO Chorcaí



## 4. Ráiteas Straitéise

### Fís, Misean, Téamaí Straitéiseacha

Agus na téamaí straitéiseach á bhforbairt aige, leag BOO Chorcaí béim ar leith ar fhís agus misean na heagraíochta a forbraíodh trí mheán próiseas comhairliúcháin leis an bhfoireann agus le páirtithe leasmhara. Is é aidhm na dtéamaí straitéiseacha ná forbairt bhreise a dhéanamh ar ár ráiteas físe agus misin don eagraíocht. Tá gach gné dár straitéis mar bhonn agus taca ag na treoiphriomsabail agus na luachanna a shainaithin an fhoireann agus na páirtithe leasmhara mar chuid dhílis do cad a chiallaíonn sé a bheith páirteach i BOO Chorcaí agus cad é a seasann BOO Chorcaí dó freisin.



**Gníomhóidh BOO Chorcaí i gcónaí ar mhaithe le leas na bhfoghlaimeoirí. Tá na prionsabail agus na luachanna seo a leanas mar bhonn agus taca lenár smaointeoireacht straitéiseach, lenár bpleanáil, lenár gcinnteoireacht agus lenár ngníomhartha laethúla.**

**Treoirphrionsabail**

**Tosaíocht a thabhairt do riachtanais na bhfoghlaimeoirí**

**Seirbhís ar ardchaighdeán a sheachadadh**

**Ag gníomhú le hionracas gairmiúil**

**An rud ceart a dhéanamh**

**Caitheamh le daoine le dínit agus le meas**

**A bheith cóir, oscailte agus freagrach**

**Luach ar airgead a chinntiú**

**Ag oibriú de réir na gcaighdeán eitice, gairmiúil, morálta agus dlíthiúil is airde.**

**Luachanna**

**Crógach**

**Tiomanta**

**Dearfach**

**Treorach**

**Nuálach**

**Comhbhách**

## Cad is brí lenár Luachanna

Luach	Crógach	Tiomanta	Dearfach	Treorach	Nuálach	Comhbhách
<b>Cad is brí leis</b>	Cuirimid riachtanais ár bhfoghlaimoirí ar dtús agus níl aon eagla orainn na cinn tí deacra a ghlacadh atá riachtanach chun an tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar.	Tá fíis agus cuspóir soiléir againn a bhfuilimid gafa go hiomlán leo agus a bhfuil rún daingean againn iad a sheachadadh.	Táimid dóchasach agus muiníneach faoinár ndeiseanna faoinár ndúshlán agus creidimid gur féidir linn difríocht dhearfach a dhéanamh do shaol na ndaoine ar a bhfreastalaímid.	Táimid ag súil go mbeidh ár ndaoine ina gceannairí - fíis shoiléir a bheith acu, dul ar aghaidh agus é a dhéanamh, agus foghlaimoirí agus comhghleacaithe a ghríosú agus a spreagadh trí shampla a thabhairt.	Táimid dírithe ar fheabhsú leanúnach agus a bheith ar thús cadhnaíochta san athrú agus sa nuálaíocht san oideachas agus san oiliúint.	Glacaimid cur chuige uilechuimsitheach agus measúil maidir lenár bhfoghlaimoirí agus lenár bhfoireann agus déanaimid ár ndícheall a chinntiú go mbaineann gach duine a úsáideann ár seirbhísí lánacmhainneacht amach.
<b>Táimid ag súil go ndéanfaidh ár ndaoine é seo a leanas:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>An cinneadh ceart a ghlacadh</li> <li>Na teorainneacha a bhrú chun an toradh is fearr a fháil</li> <li>A bheith diongbháilte sa tóir ar fheabhsúcháin d'fhoghlaimoirí</li> <li>Tacú le deachinntí agus na droch-chinntí a athrú</li> <li>A bheith sásta ár gcinntí a mhíniú</li> <li>Seasamh suas ar son na rudaí a gcreidimid iontu</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Oibrigh go dian</li> <li>Iarracht ar leith a dhéanamh</li> <li>Tús áite a thabhairt do riachtanais na bhfoghlaimoirí</li> <li>A bheith diansheasmhach</li> <li>A bheith dílis don eagraíocht</li> <li>Tacú le comhghleacaithe</li> <li>Oibriú mar bhall foirne</li> <li>A bheith comhoibríoch</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>A bheith dóchasach</li> <li>Freagairt go dearfach</li> <li>A bheith réamhghníomhach</li> <li>Deiseanna a chuardach agus iad a thapú</li> <li>Glacadh le hathrú</li> <li>Déileáil le saincheisteann a go pras</li> <li>A bheith mar chuid den réiteach</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Fíis a bheith acu</li> <li>An dúshlán a shárú</li> <li>Cumarsáid a dhéanamh</li> <li>Spreagadh a thabhairt</li> <li>Misneach a thabhairt</li> <li>Spríoc a bheith acu</li> <li>Muinín a chothú</li> <li>An fhírinne a rá</li> <li>Dea-shampla a thabhairt</li> <li>A bheith dírithe ar thorthaí</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Triail a bhaint as cuir chuige nua</li> <li>A bheith cruthaitheach</li> <li>Athrú a thiomáint</li> <li>A bheith solúbtha</li> <li>Iarraidh feabhas a dhéanamh</li> <li>Réitigh fadhbanna a aimsiú</li> <li>Tacú le smaointe nua</li> <li>Cur go dearfach le hathrú</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Dul i dteagmháil le foghlaimoirí agus le comhghleacaithe</li> <li>A bheith macánta</li> <li>A bheith tuisceanach</li> <li>A bheith comhbhách</li> <li>Iarrachtaí a aithint</li> <li>Ionchuimsitheacht agus éagsúlacht a spreagadh</li> <li>A bheith lách</li> <li>Súil a choinneáil ar chomhghleacaithe</li> <li>Éisteacht</li> <li>Caitheamh go maith le daoine</li> </ul>



	<ul style="list-style-type: none"><li>• A bheith i bhfách le foghlaimoirí agus le pobail</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Eitic oibre láidir a bheith acu</li><li>• A bheith dírithe ar thorthaí a bhaint amach</li></ul>		<ul style="list-style-type: none"><li>• Nuálaíocht a chur chun cinn</li><li>• Tionchar a imirt</li><li>• Comhoibriú</li><li>• Ionracas pearsanta a thaispeáint</li></ul>		<ul style="list-style-type: none"><li>• Iarraidh ar aiseolas</li><li>• Tacú leo siúd a bhfuil sé de dhíth orthu</li></ul>
--	--	---	--	--	--	---

## Monatóireacht ar an bPlean Seirbhíse

Forbraítear an Plean Seirbhíse seo chun tacú le cur chun feidhme Ráiteas Straitéise 2017 - 2021 BOO Chorcaí. Cé go leagtar amach sa Ráiteas Straitéise ár dtosaíochtaí agus ár n-aidhmeanna thar thréimhse 5 bliana, tá sé tábhachtach go bhfuil próiseas i bhfeidhm chun tacú lena seachadadh.

Agus a bhí an Plean Seirbhíse á fhorbairt, tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin le Bainisteoirí Sinsearacha agus Príomhoidí ar fud gach réimse soláthair lena chinntiú go bhfuil na gníomhartha atá leagtha amach le seachadadh le linn timthriall an Phlean Seirbhíse oiriúnach do na tosaíochtaí agus na haidhmeanna foriomlána atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise Corparáidí.

Cinntíonn an próiseas comhairliúcháin freisin go mbeifear in ann na torthaí atá leagtha amach don bhliain 2021 a bhaint amach agus gur rudaí iad atá faoi chúram na mBainisteoirí Sinsearacha agus na bPríomhoidí ina réimsí soláthar seirbhíse faoi seach.

Chun tacú le seachadadh ar na torthaí a sainaitníodh, sainaitnítear Ceannairí Tionscadail agus Urraitheoirí i ngach réimse soláthair.

Sainmhínítear ról na gCeannairí Tionscadail agus na n-Urraitheoirí mar seo a leanas:

### **Ceannaire Tionscadail:**

*Tá an Ceannaire freagrach as seachadadh an ghnímh a threorú trí oibriú leis an mBainistíocht le comhghleacaithe agus le comhghleacaithe eile de réir mar is cuí chun an toradh pleanáilte a sheachadadh.*

### **Urraitheoir:**


*Tacú leis an gCeannaire trí bhualadh leis go rialta lena chinntiú go bhfuil an dul chun cinn ar an mbóthar ceart agus chun cabhrú le saincheistanna oscailte a réiteach. Ag cabhrú freisin lena chinntiú go mbaintear amach na buntáistí a bhfuil súil leo as an ngníomh a chur i gcrích.*

Chomh maith leis an méid thuas, tá na grúpaí seo a leanas i bhfeidhm freisin chun cúnamh agus / nó acmhainní a sholáthar nuair is gá chun a chinntiú go mbaintear torthaí amach;

- Grúpa Feidhmiúcháin
- Grúpa Bainistíochta Sinsearaí
- Grúpa Stiúrtha Breisoideachais agus Oiliúna
- Grúpa na bPríomhoidí
- Grúpa na Leas-Phríomhoidí
- Grúpa na gComhordaitheoirí Ógtheagmhála
- Grúpa Stiúrtha um Dhearbhú Cáilíochta
- Grúpa na Meánbhainistíochta

Tagann na grúpaí seo le chéile go rialta agus soláthraíonn siad tacaíocht tras-earnála / suímh do cheannairí agus urraitheoirí an tionscadail trína chinntiú go bhfuil próiseas cumarsáide iltoiseach i bhfeidhm chun tacú le seachadadh agus monatóireacht a dhéanamh air. Áirítear an tacaíocht seo freisin nuair is iomchuí grúpaí oibre tras-seirbhíse a bhunú nuair is gá gníomhaíochtaí áirithe a shainaitnítear lena seachadadh m.sh. grúpa oibre inlín, Straitéis maidir le Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta.

## Sreabhadh Oibre don Timthriall Pleanála



Tá sé tábhachtach go n-úsáidtear an próiseas thuas chun trédhearcacht agus soiléireacht cuspóra a chinntiú agus díriú chun a choinneáil ar oibriú go gníomhach chun an méid atá beartaithe againn a bhaint amach thar shaolré an Ráitis Straitéise.

## 5. Ráiteas Seirbhísí 2021

Cuireann BOO Chorcaí gach gné de Spriocanna Ardleibhéil Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe chun cinn agus leagann sé béim ar leith ar Sprioc 4, is é sin oideachas ardchaighdeán a chur ar fáil agus foghlaim fad saoil do chách a chur chun cinn agus tabharfaidh BOO Chorcaí faoi roinnt tionscnamh, i gcomhar le hinstitiúidí oideachais agus údaráis áitiúla eile i gCorcaigh, chun próifíl na foghlama ar feadh an tsaoil a ardú agus feacht a mhéadú ar Chorcaigh mar Chathair agus Contae Foghlama.

Cinntoidh BOO Chorcaí, trína rannpháirtíocht leis an ROS, curaclam leathanbhunaithe a sholáthar chun a chinntiú go rachaidh ár gcuid mac léinn ar aghaidh ón mBunscoil agus ón Iarbhunscoil le hoideachas ardcháilíochta atá bunaithe ar luach na gcomhdheiseanna do gach leanbh.

Leanann BOO Chorcaí de bheith ag comhoibriú le SOLAS maidir le haidhmeanna straitéiseacha a fhorbairt chun Breisoideachas agus Oiliúint a fhorbairt mar fheithicil forbartha agus uasoiliúna. Déanfar é sin trí shainchúrsaí, cúrsaí oiliúna, printíseachtaí, oideachas litearthachta agus oideachas pobalbhunaithe a chur ar fáil trína mbeidh daoine d'aois nó cúlra ar bith ábalta dul ar aghaidh go dtí ardoideachas nó dul chun cinn a dhéanamh i saol na hoibre.

Ina cháil mar chomhlacht reachtúil a bhfuil freagracht air as oideachas agus oiliúint ardchaighdeán a chur chun cinn agus a sheachadadh i gCorcaigh, cinntíonn rannpháirtíocht ghníomhach ar bhoird éagsúla go leanann BOO Chorcaí ag cur agus ag fás go dearfach le forbairt Chorcaí mar Chathair agus Contae Foghlama le heacnamaíocht láidir agus todhchaí sochaíoch amach romhainn. Cuirtear leis sin mar gheall ar chomhoibriú gníomhach le go leor eintiteas cosúil le Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Comhairle Contae Chorcaí, Cumann Chomhlachais Tráchtála Chorcaí, Boird Comhpháirtíochtaí, Coistí Forbartha Pobail Áitiúil, UNESCO, Fóram an ECFE maidir le Fostaíocht Áitiúil agus Forbairt Gheilleagrah.

Tá agus leanann BOO Chorcaí bheith chun tosaigh i dtionscnaimh shonracha COVID-19, go háitiúil agus go náisiúnta chun tacú lenár bhfoghlaimoirí ina n-iarrachtaí oideachais agus oiliúna le béim ar thionscnaimh thrasghníomhaireachta a fhorbairt.

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais & Scileanna agus BOO Chorcaí, sainithníodh na haidhmeanna agus na tosaíochtaí seo a leanas. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí sonracha chun na tosaíochtaí seo a bhaint amach, mar aon leis na táscairí feidhmíochta agus na spriocanna gaolmhara atá le seachadadh;

Sprioc	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
Rialachas	Rátaí tinrimh ag cruinnithe an bhoird	Ba cheart do bhoird aonair béim arís a chur ar an gceanglas maidir le freastal ar gach cruinniú boird de	An Clár Tinrimh	Tinreamh 100%

		réir an Chóid Chleachtais um Rialachas CETBanna.		
	Féinmheasúnuithe an Bhoird	Ba cheart do gach bord féinmheasúnuithe a dhéanamh, ag baint úsáide as an gceistneoir atá sa Chód Cleachtais, chun réimsí a aithint ina bhfuil gá le feabhsúcháin.	Rinneadh féinmheasúnuithe le Taifid de bhileoga measúnaithe comhlánaithe agus mír díospóireachta i miontuairiscí na gclár	Rinne an Bord féinmheasúnuithe
	Saineolais airgeadais ar choistí iniúchta agus airgeadais	Ba cheart don bhord ceapacháin do choistí iniúchta agus airgeadais a dhéanamh i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí. Ba cheart do bhaill sheachtracha coistí na scileanna agus an taithí iniúchta agus airgeadais riachtanach a thabhairt don ról.	Coistí Airgeadais agus Iniúchta ag feidhmiú de réir an chóid chleachtais	Baill sheachtracha a bhfuil na scileanna agus an taithí riachtanach acu
	Breithmheas ag an mBord ar an obair a dhéanann an Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchta & Riosca	Cinnteoigh cathaoirleach de gach bord go gcuirfear tuarascálacha i scríbhinn ar fáil do chomhaltaí an bhoird ar an obair a dhéanann coistí airgeadais agus iniúchta agus riosca de réir mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas BOOnna	Tuarascáil curtha isteach agus curtha faoi bhráid an Bhoird ag an gCoiste Airgeadais agus ag an gCoiste Iniúchta & Riosca	Rinneadh trácht air i Miontuairiscí an Bhoird
	Féinmheasúnú ag an gCoiste Airgeadais agus ag an gCoiste Iniúchta & Riosca	Ba cheart do chathaoirligh an choiste iniúchta agus riosca agus an choiste airgeadais a chinntiú go gcuirtear cleachtadh féinmheasúnaithe i gcrích gach	Rinneadh féinmheasúnuithe le Taifid de bhileoga measúnaithe	Rinne an Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchta & Riosca féinmheasúnuithe

		bliain mar a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas BOOnna.	comhlánaithe agus mír díospóireachta i miontuairiscí na gCoistí	
	Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne	Ba cheart cloí le spriocdhátaí tuairiscithe atá leagtha síos ag an Roinn.	Tuarascálacha a chur isteach de réir mar a iarrann an Roinn sna spriocdhátaí riachtanacha	Tuarascálacha curtha isteach de réir na spriocdhátaí
	Beartas um Bhainistiú Riosca	Ba cheart do bhord gach BOO a chinntiú go bhfuil próiseas leanúnach ann atá deartha chun rioscaí suntasacha a bhaineann le torthaí eintitis a bhaint amach agus aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart don choiste iniúchta agus riosca tacú leis an mbord sa ról seo.	Beartas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm le Clár Riosca gníomhach i bhfeidhm le hathbhreithnithe ráithiúla. Tuairisciú rialta don Choiste Iniúchta agus Riosca	Miontuairiscí an Choiste Iniúchta & Riosca
	Rialuithe inmheánacha	Ba cheart don Bhord de gach BOO a chinntiú go bhfaighidh sé dearbhú leordhóthanach go bhfuil rialuithe sonraithe ag feidhmiú de réir mar a bhí beartaithe.	Córas rialuithe inmheánacha i bhfeidhm chun an bord a dhearbhú le sreabhadh próisis mar atá mínithe sa Chód Cleachtais	Athbhreithniú críochnaithe de réir spriocdhátaí reachtúla
	Dea-chleachtas i soláthar a leanúint	Anailís ar chaiteachas 2020 agus ullmhú MAPP le cur isteach do BOOÉ	Réimsí a éilíonn próisis soláthair ar fud na	R1 Tuairisciú anailíse caiteachais R1 Plean pleanála Soláthair a fhorbairt

		<p>Plean Soláthair Corparáideach a ullmhú do 2021</p> <p>Tacú le cur chun feidhme de na Nósanna Imeachta Soláthair agus oiliúint agus tacaíocht leanúnach a sholáthar de réir mar is gá</p>	<p>heagraíochta a shainaitint. Tugtar tosaíocht do chur chuige struchtúrtha i leith soláthair. Méadú a chur ar chomhlíonadh soláthair. Coinnigh suas chun dáta le forbairtí i soláthar poiblí</p>	<p>Físeáin/áiseanna Oiliúna a sholáthar R1</p> <p>Úsáid MyCETB mar phointe faisnéise lárnach d'úsáideoirí.</p>
Tacaíocht Foirne	Forbairt Foirne	<p>Ba cheart don Phríomhfheidhmeannach a chinntiú;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Go gceaptar ball foirne mar bhainisteoir oiliúna</li> <li>• Go ndéantar anailís ar riachtanais oiliúna i mbainistíocht airgeadais ar bhonn bliantúil</li> <li>• Go bhforbraítear agus go gcuirtear i bhfeidhm clár oiliúna ar bhainistíocht airgeadais</li> </ul>	<p>Cuirfear tús le hathbhreithniú ar Fhoghlaim agus Forbairt Eagrúcháin lena chinntiú go bhfuil struchtúir agus socruithe iomchuí i bhfeidhm chun freastal ar anailís ar riachtanais oiliúna agus go ndéantar clár chuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm</p>	<p>Athbhreithniú ar an mBeartas Foghlama agus Forbartha curtha i gcrích ag ionchorprú anailíse ar riachtanais foghlama chun réimsí a shainaitint le haghaidh clár oiliúna spriocdhírthe a sholáthar a thosóidh le hAirgeadas</p>
Cosaint Leanaí	Eispéireas na nDaltaí / an Fhoghlaiméora a Bharrfheabhsú	<ul style="list-style-type: none"> <li>• A chinntiú go bhfuil na bearta cosanta leanaí riachtanacha go léir i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna</li> </ul>	<p>Tuairiscíonn Cosaint Leanaí tuarascáil chaighdeánach ar gach BB</p>	<p>Comhlíonadh iomlán coinnte</p>

		<p>agus Iar-Bhunscoileanna 2017</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• A chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017</li> </ul>		
Seachadadh Seirbhíse	Cláir Chosanta	Cuidiú leis an ROS, de réir mar is gá, freastal ar na riachtanais a éiríonn as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus soláthar d'iaratasóirí cosanta idirnáisiúnta		

Le linn 2021 cuirfear tús le nó seachadfar na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas do BOO Chorcaí chun a chinntiú go gcuirfear an Ráiteas Straitéise foriomlán chun cinn.

Sprioc	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
Comhionannas agus Cearta an Duine	Dualgas na hearnála poiblí BOO Chorcaí maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine a chur chun feidhme	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ba cheart Dréacht-Ráiteas Luacha Comhionannais agus Cearta an Duine BOO Chorcaí a phoibliú agus a chur chun feidhme laistigh den eagraíocht níos leithne</li> <li>• Cuirfear tús le hobair maidir le measúnú agus tosaíocht a thabhairt do shaincheistanna comhionannais</li> </ul>	Measúnú ar an tSaincheist um Chearta an Duine agus Comhionannas	Doiciméad críochnaithe i bhfeidhm



		agus cearta daonna a bhíonn ag úsáideoirí seirbhíse agus ag an bhfoireann.		
Seirbhísí Párolla Comhroinnte SCGO	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Íocaíochtaí idirthréimhseacha foghlaimora ó BOOC go SCGO a ullmhú agus a chur chun feidhme</li> <li>• Chun ullmhú le haghaidh aistriú párolla na bhfostaithe ó BOOC go réiteach seirbhíse Párolla Comhroinnte ESBS agus a chinntiú go mbaintear amach gach tasc roimh chur chun feidhme a shainaithnítear go himmheánach agus trí SUG SCGO (Seicliosta Ullmhacht Gnó)</li> </ul>	<p>Oibriú le SCGO ar dhearadh córais agus</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• FBManna Ceannaire Aistrithe agus Foireann Tionscadail le comhaontú</li> <li>• Réimsí a shainaithint inar féidir athruithe a chur chun feidhme mar ullmhúchán don aistriú go réiteach párolla comhroinnte</li> <li>• Rolladh amach córas PTT DCS chuig na hionaid atá fágtha</li> </ul>	<p>Aistriú rathúil d'fhoghlaimoirí chéim 2 go SCGO.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Acmhainní lárnacha i bhfeidhm agus folúntais iarmhartacha aitheanta agus líonta.</li> <li>• Athruithe curtha i bhfeidhm a chinnteoidh ullmhacht don uasghrádú</li> <li>• Aistríodh na hionaid go léir a bhí fágtha (6) go bileoga ama leictreonacha</li> </ul>	<p>Aistrigh foghlaimoirí SDOG agus Ógtheagmhála de réir tréimhse cur chun feidhme R2 an SCGO.</p> <p>Gach earra réamh-chur chun feidhme a shainaithnítear mar riachtanach ar sheicliosta ullmhachta Gnó SCGO i bhfeidhm faoi dheireadh R3 / R4 2021</p>

	<ul style="list-style-type: none"> <li>Réiteach seirbhíse roinnte ERecruitment a fhorbairt lena chur i bhfeidhm ar fud na BOOnna go léir</li> </ul>	<p>Acmhainn FBManna a sholáthar chun oibriú le SCGO chun réiteach don mhodúl ERecruit ar CoreHR a chomhaontú</p>	<p>Fréamhshamhail réiteach ERecruitment a chomhaontú lena chur i bhfeidhm mar chuid den phlean Seirbhísí Comhroinnte</p>	<p>Deireadh R3 2021</p>
<p>Bonneagar Tógála</p>	<p>Leanúint de thacaíocht agus tionchar a imirt ar infheistíocht Chaipitil na Roinne i Scoileanna i mbonneagar Eastáit na hearnála Breisoideachais agus Oilíúna</p>	<p>Bainistíocht agus riarachán Tionscadal reatha agus amach anseo de réir threoirlínte Teicniúla.</p>	<p>Oibreacha Críochnaithe ag</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Campas Oideachais Charraig Uí Leighin</li> <li>Foirgneamh Choláiste Davis Mala críochnaithe</li> <li>Oibreacha seachtracha Choláiste Davis</li> <li>Coláiste Pobail Cholmáin, Mainistir na Corann</li> <li>Cóiríocht shealadach Coláiste Bhrógáin Naofa, Droichead na Bandan</li> <li>Coláiste Pobail Charraig Thuathail Cóiríocht shealadach</li> </ul>	<p>Meán Fómhair 2021</p> <p>Aibreán 2021</p> <p>R3 Aibreán 2021.</p> <p>Meán Fómhair 2021</p> <p>Meitheamh 2021</p> <p>Márta 2021</p> <p>Lúnasa 2021</p>

			<ul style="list-style-type: none"> <li>• Coláiste Áth an Chóiste Cóiríocht shealadach</li> <li>• Scoil Chlíodhna, Carraig Thuathail</li> </ul> <p>Dul Chun Cinn a dhéanamh ar Dhearadh agus Soláthar le haghaidh</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Colaiste Mhuire, Cill na Mallach</li> <li>• Coláiste Áth an Chóiste</li> <li>• Droichead na Bandan</li> <li>• Coláiste Choilm</li> <li>• Scoileanna neamh-BOO arna iarraidh sin ag ROS.</li> </ul>	
Bainistíocht Mhaoine	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Bainistíocht ar gach maoin agus léas de chuid BOO Chorcaí</li> </ul>	<p>Ba cheart go mbeadh córais leordhóthanacha i bhfeidhm chun an fhaisnéis uile a theastaíonn le haghaidh réadmhaoine agus léasanna a bhainistiú</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ba cheart ardán nua um Chlár Maoine a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm in 2021</li> </ul>	Clár Maoine	Athbhreithniú a dhéanamh ar áitribh ar léas a bhfuil an daonra céanna acu, a chuirfear i gcrích bunaithe ar an bhfaisnéis reatha atá ar fáil

	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tabhair faoi athbhreithniú agus anailís mhionsonraithe ar stoc tógála Breisoideachais agus Oiliúna agus plean infheistíochta / dífheistíochta straitéiseach a fhorbairt</li> </ul>	<p>Cuirfear tús leis an obair chun an fhaisnéis uile a theastaíonn a fháil maidir le maoin agus léasanna BOO Chorcaí</p> <p>Tugadh faoi Thuarascáil ar Fhoirgnimh do gach foirgneamh Bhreisoideachais agus Oiliúna, agus chuir siad tús le Tuarascálacha Reachta don ghrúpa tosaigh d'fhoirgnimh Bhreisoideachais agus Oiliúna</p>		<p>Tuarascálacha foirgnimh críochnaithe do gach foirgneamh Breisoideachais agus Oiliúna faoi dheireadh R2</p> <p>Tuarascálacha Reachta le haghaidh 25% d'fhoirgnimh Bhreisoideachais agus Oiliúna ar a laghad faoi dheireadh Ráithe 4</p>
Réiteach Bainistíochta Doiciméad	Sonraíocht a chomhaontú maidir le réiteach bainistíochta doiciméad chun freastal ar riachtanais na heagraíochta	Príomhriachtanais réiteach bainistíochta doiciméad don eagraíocht a aithint agus a chomhaontú	Sonraíocht a chomhaontú maidir le réiteach bainistíochta doiciméad chun an próiseas soláthair a thionscnamh	Doiciméad sonraíochta comhaontaithe faoi dheireadh R3 2021
TFC	Plean Forbartha TFC	Plean Forbartha TFC a fhorbairt chun tacú le Ráiteas Straitéise BOOC 2022-2026 a sheachadadh	Rannpháirtithe leasmhara a bheith rannpháirteach sa phróiseas	Doiciméad críochnaithe faoi R3
Tacaíocht Foirne	Earcú agus Coinneáil Foirne	Rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara ar leibhéal náisiúnta chun	A chinntiú gur féidir gach folúntas a fhógairt ar raon ardáin -	Comhaontú maidir le feabhsúcháin ar phróisis/córais atá

		tionchar ganntanas scileanna ar fud príomhphoist a íoslaghdú, lena n-áirítear poist teagaisc.	rannpháirtíocht leanúnach trí SCGO agus Soláthar Múinteoirí ROS lena chinntiú go nglactar le cur chuige comhordaithe a fhreastalaíonn ar riachtanais na heagraíochta	ann cheana chun a chinntiú gur féidir folúntais an BOO a roinnt ar ardáin eile m.sh. poist Oideachais srl - sprioc R3 2021
	Folláine	Leanúint le tionscnaimh folláine a chur chun cinn agus tacú leo ar bhonn eagraíochta agus scoile/ionaid aonair	Gach suíomh chun tionscnaimh a chur chun cinn laistigh de na hacmhainní atá ar fáil  Tionscnamh amháin ar a laghad ar fud na heagraíochta a aithint agus a chur chun cinn chun folláine foirne a chur chun cinn i rith na bliana	Leanúnach i rith 2021 de réir na n-acmhainní atá ar fáil
Eispéireas na nDaltaí agus an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú	Córais Dearbhaithe Cáilíochta a fhorbairt, a fheabhsú agus a chur chun feidhme	Leanfaidh BOO Chorcaí ag cinntiú cuir chuige láidre dearbhaithe Cáilíochta trína rannpháirtíocht sa QQI san Athbhreithniú Reachtuil ar nósanna imeachta Dearbhaithe Cáilíochta	Tuarascáil Féinmheastóireachta agus Tuarascáil athbhreithnithe shásúil ar an bPainéal Seachtrach críochnaithe	Críochnaithe agus foilsithe faoi dheireadh Ráithe 4 2021
	Seirbhísí comhairleoireachta agus tacaíochta treorach iomchuí a sholáthar d'fhoghlaimeoirí ar fud seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna	Seirbhís Chomhairleoireachta foghlaimeoirí a sholáthar. Síceolaí Oideachais a fhostú agus an Fhoireann	Seirbhísí tacaíochta feabhsaithe i bhfeidhm, feabhsúcháin ar choinneáil agus ar	Faoi dheireadh R3

		um Chuimsiú Gníomhach a mhéadú	ghnóthachtáil foghlaimeoirí	
	Dul i dteagmháil ar bhealach níos éifeachtaí le fostóirí	<p>Feidhm rannpháirtíochta fostóirí an BOO a fhorbairt trí bhaill foirne a athshannadh i róil shonracha rannpháirtíochta fostóirí chun riachtanais fostóirí a chomhlíonadh maidir le breisoiliúint agus athoiliúint daoine i bhfostaíocht de réir fhorálacha an tionscnaimh Scileanna chun Dul Chun Cinn.</p> <p>Cuir tús le raon clár faoin tionscnamh Scileanna chun dul san Iomaíocht d'oibríthe a bhfuil tionchar ag COVID 19 orthu</p> <p>Bealaí cumarsáide éifeachtacha a fhorbairt d'fhostóirí agus d'fhostaithe agus leo. Leanfaidh BOO Chorcaí ag cur feabhas ar theagasc agus ar fhoghlaim ar chlár atá bunaithe cheana trí chlár spriocdhírthe scáthfhoghlama oibre don fhoireann</p>	<p>Foireann ag obair ar bhonn comhordaithe chun feasacht a mhéadú ar sheirbhísí BOO Chorcaí agus ar riachtanais fostóirí</p> <p>Raon na gclár agus na dtionscnamh Scileanna chun Dul Chun Cinn a fhorbairt agus a sheachadadh le fostóirí d'fhostóirí atá ann cheana</p> <p>Méadú ar an nglacadh leis na Cláir Scileanna chun Dul Chun Cinn agus laistigh den fhoireann don chlár scáthfhoghlama oibre.</p>	<p>Struchtúr Rannpháirtíochta Fostóirí i bhfeidhm faoi R2 2021</p> <p>Rolladh amach de chlár le seachadadh ar fud 2021</p>

	Na bealaí cumarsáide agus an fhaisnéis atá ar fáil d'fhoghlaimoirí a fheabhsú	Pointe rochtana aonair a fhorbairt d'fhoghlaimoirí chun faisnéis a fháil maidir le seirbhísí agus cúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna	Tairseach faisnéise Breisoideachais agus Oiliúna  Cur chuige comhtháite na meán sóisialta maidir le seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna	Deireadh R2 2021
	Na roghanna foghlama ar líne agus cumaisc a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí	Straitéis Foghlama Cumaisc faofa a fhorbairt.  Réimsí oiriúnacha a shainaithint le haghaidh seachadadh foghlama cumaisc  A chinntiú go ndéantar na scileanna a ghnóthaítear le linn cianfhoghlama a ionchorprú sa timpeallacht Teagaisc agus Foghlama i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna i gcomhthéacs filleadh ar thimpeallacht fhisiciúil scoile	Straitéis faofa ag QQI  Cláir um Fhoghlaim chumaisc ar fáil i 4 réimse / disciplín ábhair ar a laghad  Oibríonn gach scoil/ionad go réamhghníomhach chun na scileanna a foghlaimíodh le linn na céime cianfhoghlama a leabú.  Baineann scoileanna/ionaid úsáid as na scileanna a forbraíodh le linn na céime cianfhoghlama chun an tseirbhís d'fhoghlaimoirí a fheabhsú agus go háirithe chun an tseirbhís a fheabhsú	Faoi dheireadh R3  Ó R2 2021  Beidh straitéis i bhfeidhm ag gach scoil/ionad chun na scileanna a foghlaimíodh le linn cianfhoghlama a ionchorprú agus tógáil orthu.

			d'fhoghlaimoirí nach mbeadh in ann freastal ar an scoil/ionad go pearsanta ar feadh tréimhse áirithe	
	Plean Forbartha BOO aontaithe a fhorbairt chun samhail "Coláiste na Todhchaí Breisoideachais agus Oiliúna" a sheachadadh arna stiúradh ag straitéis Náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna	Plean Forbartha forbartha a sholáthraíonn do sheachadadh comhtháite seirbhíse Breisoideachais agus Oiliúna	Forbairt i bhfeidhm chun tacú le Ráiteas Straitéise BOO Chorcaí 2022-2026	Deireadh Ráithe 3 2021
	Aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine aonair agus phobail faoi Mhíbhuntáiste	Forbróimid tacaíochtaí breise agus creat comhleanúnach tacaíochtaí chun freastal ar riachtanais iad siúd atá is mó faoi mhíbhuntáiste	Fócas faoi Mhíbhuntáiste Oideachais a mhaolú	Struchtúir agus tacaíochtaí comhaontaithe le páirtithe leasmhara, meicníochtaí comhordaithe agus freagartha i bhfeidhm R3 2021
	Sainmhíneadh áit do BOOC laistigh den earnáil Oideachais Treasach áitiúil agus náisiúnta.	Rachaimid i dteagmháil le soláthraithe AO áitiúla agus náisiúnta chun cosáin agus naisc fhorchéimnithe breise agus nua a chruthú d'fhoghlaimoirí atá ag gabháil do chlár Bhreisoideachais agus Oiliúna	Comhaontuithe forchéimnithe breise i bhfeidhm.  Comhaontuithe chun cláir chomhthráthacha a fhorbairt le soláthraí AO amháin ar a laghad	Ar fud 2021
ÓIGE	Leanúint ar aghaidh ag tacú le soláthar, forbairt agus measúnú seirbhísí oibre don óige ar fud Chorcaí trí acmhainní iomchuí, spriocdhírithé a sholáthar	Leanúint ar aghaidh ag cur UBU, "Do Áit, Do Spás" i bhfeidhm i gcomhar le soláthraithe agus gníomhairí Seirbhíse Óige	Athbhreithniú rathúil ar thionscadail atá ann cheana, pleananna seirbhíse comhaontaithe agus curtha i bhfeidhm	Tosaíochtaí agus fócas comhaontaithe bunaithe i rith 2021



		atá ag gníomhú thar ceann BOOC	do gach tionscadal / réimse spriocdhírthe	
Scoileanna	Plean um Chroí-Luachanna do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna a chur i bhfeidhm	I gcomhar le BOOÉ cuirfimid Céim 1 den Plean forfheidhmithe i gcrích agus cuirfimid tús le Céim 2 den Plean	Beidh gach scoil tar éis tús a chur leis an bPlean le linn Chéim 1. Beidh an scoil phíolótach tar éis tús a chur lena rannpháirtíocht mar chuid de Chéim 2	Críochnaíodh Céim 1 agus cuireadh tús le Céim 2
	Cur i gcrích rathúil den Ardteistiméireacht athbhreithnithe / Ardteistiméireacht Feidhmeach agus próiseas scrúduithe an Teastais Shóisearaigh	I gcomhpháirtíocht leis an ROS agus CSS cinnteoidimid go bhfuil na nósanna imeachta riachtanacha go léir i bhfeidhm againn ionas go mbeidh ár gcuid mac léinn go léir in ann teagmháil iomlán a dhéanamh le próiseas scrúdaithe/measúnaithe AT/ ATF agus TS do 2021.	Cur i gcrích rathúil de na scrúduithe / measúnuithe stáit de réir na riachtanas náisiúnta.	Beidh gach mac léinn in ann a bhfeidhmíocht sna scrúduithe / measúnuithe stáit a bharrfheabhsú.

## 6. Forbhreathnú ar Sheirbhísí (Sonrach do BOO)

### SCOILEANNA

#### Bunscoileanna

Tá BOO Chorcaí mar phátrún ar 2 Scoil Náisiúnta Pobail (SNP). Is tús nua dúinn i BOO Chorcaí páirt a ghlacadh i mbunoideachas in Éirinn.

- Scoil Náisiúnta Phobail Scoil Aonghusa, Ascaill Kingsfort, Sráidbhaile Castlepark, Mala, Contae Chorcaí
- Scoil Náisiúnta Phobail Scoil Chlíodhna, West End, Carraig Thuathail

Leanfaidh BOO Chorcaí ag soláthar comhairle agus tacaíochta oideachais, airgeadais, acmhainní daonna agus tógála do gach ceann de na scoileanna seo chomh maith le tacaíocht dá rialachas agus bainistíocht fhoriomlán. Tá Boird Bainistíochta curtha ar bun freisin agus tá oiliúint ar siúl chun cur ar a gcumas a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh.

#### Iar-bhunscoileanna

Tá BOO Chorcaí mar phátrún ar 28 gcoláiste iar-bhunscoile. Áirítear leis seo 4 Choláiste Breisoideachais a thuariscítear faoin rannán Breisoideachais agus Oiliúna. Ainmnítear dhá cheann déag de na coláistí seo mar choláistí Pobail ina bhfuil comhaontú leis an easpag Caitliceach Rómhánach áitiúil maidir le rannpháirtíocht deoise i rialachas an choláiste. Soláthraíonn BOO Chorcaí raon seirbhísí do na scoileanna seo lena n-áirítear airgeadais, acmhainní daonna, foirgnimh, TFC, tacaíocht rialachais chomh maith le tacaíocht phleanála oideachais.

Tá BOO Chorcaí ina chomhphátrún freisin le deoise nó ord rialta ar 12 scoil phobail i gCorcaigh.

Ina theannta sin, soláthraíonn BOO Chorcaí roinnt suíomhanna oideachais de chineál iar-bhunscoile chun tacú le soláthar oideachais iar-bhunscoile do mhic léinn nach bhfuil sa soláthar príomhshrutha. Aonaid sainchúraim, ardtacaíochta agus cúraim cónaithe atá sna suíomhanna sin, is iad sin Ard Álainn, Ospidéal Stiofáin, Gleann Maghair agus Éist Linn, An Dúcharraig

### BREISOIDEACHAS & OILIÚINT

#### Coláistí Breisoideachais

Lean Coláistí Breisoideachais BOOC ag seachadadh raon agus cineál de chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta atá cosúil go mór leo siúd a seachadadh an bhliain roimhe sin. Cé go ndearna coláistí, nuair ab fhéidir, cúrsaí a oiriúnú agus a mhodhnú chun freastal ar riachtanais an mhargaidh saothair agus foghlaimeoirí áitiúla, tá srian fós ar an gcumas laistigh den BOO soláthar a dhéanamh d'fhorbairt agus do thabhairt isteach cúrsaí go hiomlán nua, mar gheall ar neamhábaltacht sainfhoireann bhreise a earcú, toisc go raibh níos mó múinteoirí ag an scéim ná a leithdháileadh múinteora.

De réir na riachtanas ó SOLAS agus ó Chomhaontú Pleanála Straitéisí an BOO, rinneadh gach cúrsa PLC a chatagóiriú go foirmiúil i dtéarmaí a bhfócas ar iontráil sa mhargadh saothair (fostaíocht) nó ar dhul ar aghaidh chuig breisoideachas nó ardoideachas.

Leanann an earnáil Iar-Ardteistiméireachta de bheith ag plé le tabhairt isteach Printíseachtaí agus Oiliúna agus d'éirigh léi an rud sin a thabhairt isteach sna Coláistí.

## Ionad Oiliúna Chorcaí (Seirbhísí Oiliúna)

Is é Ionad Oiliúna Chorcaí, atá suite ar Ascaill Rosa, Baile an Easpaig, an t-ionad oibríochta agus an mol do na seirbhísí oiliúna go léir a sholáthraíonn BOOC faoi Bhreisoideachas agus Oiliúint. Cé gurb é an t-ionad an áit seachadta do raon printíseachta lena n-áirítear oiliúint lasmuigh den ionad oibre (Céim 2), freastalaíonn an t-ionad ar raon sainchlár oiliúna agus gníomhaíonn sé mar an t-ionad comhordaithe agus riaracháin do sholáthar oiliúna, le raon oifigí tacaíochta Breisoideachais agus Oiliúna de chuid BOO Chorcaí, lena n-áirítear Dearbhú Cáilíochta, Treoirchomhairleoiracht agus Seirbhísí Óige atá lonnaithe ann.

De réir pharaiméadair agus riachtanais phleanála náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna, leanfaidh seirbhísí oiliúna BOOC ag iarraidh méid na hacmhainne oiliúna printíseachta is féidir a sheachadadh tríd an ionad a mhéadú, trí na spásanna oiliúna atá ann cheana a athchumrú agus infheistíocht a dhéanamh i gcumas breise lasmuigh den ionad. Cuirfidh an t-ionad Oiliúna fócas agus béim ar leith ar fhorbairt agus ar sheachadadh oiliúna breise do dhaoine i bhfostaíocht de réir pholasaithe SOLAS de réir mar a fhorbraítear iad.

Soláthraíonn feidhm Oiliúna BOO Chorcaí cláir chun scileanna a thabhairt do dhaoine dífhostaithe, chun a scileanna a athnuachan nó scileanna nua a thabhairt dóibh, chomh maith le cuardaitheoirí poist eile chun go mbeidh siad ábalta post a aimsiú agus/nó dul ar aghaidh go dtí ardoideachas nó breisoideachas agus oiliúint a chuirfidh ar a gcumas dul san iomaíocht sa mhargadh saothair. Seachadtar na cláir seo trí chúrsaí lánaimseartha lae, um thráthnóna nó trí chúrsaí ar líne. Tá líon na gníomhaíochta ag laghdú i soláthar spriocdhírthe do dhaoine dífhostaithe de réir mar a thiteann líon na ndaoine ar an mbeochlár. Léirítear méid na gníomhaíochta oiliúna sa bhuiséad oiliúna bliantúil.

Dhírigh seirbhísí oiliúna ar a gcumas agus a gcur chuige a fhorbairt chun na tiomantais agus na tosaíochtaí atá leagtha amach sa straitéis Scileanna chun Dul Chun Cinn a chomhlíonadh, ina ndéantar foráil d'usoiliúint agus athoiliúint daoine i bhfostaíocht. Faoi na trí snáithe atá leagtha amach sa straitéis, forbraítear soláthar oideachais agus oiliúna chun riachtanais oiliúna agus forbartha gairmiúla na bhfostaithe a shásamh, agus soláthraítear é ar bhealach a bhfuil sé mar aidhm aige riachtanais na bhfostóirí agus fostaithe araon a shásamh. Leanfar ag forbairt cumas BOOC chun seachadadh faoin straitéis Scileanna chun Dul Chun Cinn.

## Seirbhísí Óige

Soláthraíonn BOO Chorcaí raon seirbhísí óige do dhaoine óga ar fud an réigiúin faoi chlár éagsúla Óige arna maoiniú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, trí roinnt soláthróirí maoinithe Seirbhíse don Aos Óg. Le leithdháileadh bliantúil maoinithe don Óige de níos mó ná €2.5 milliún, tá sé mar aidhm ag Seirbhís Óige BOO Chorcaí gníomhaíochtaí rannpháirtíochta don aos óg a sholáthar lasmuigh den suíomh foirmiúil oideachais chun

daoine óga a spreagadh agus tacú leo a bheith gníomhach ina bpobail, mar shaoránaigh, eiseamláirí agus ceannairí i measc a bpiaraí.

Bíonn BOO Chorcaí, trína Aonad Seirbhísí Óige, i dteagmháil le roinnt eagraíochtaí Óige chun Seirbhísí Óige a sholáthar thar a cheann, lena n-áirítear:

- YMCA
- Foróige
- Obair d'Ógra Éireann, Corcaigh
- Seirbhísí don Aos Óg, An Cóbh
- Clann Shíomóin, Corcaigh
- Meitheal Mara
- Good Shepherd Services
- Iontaobhas Churchfield.

Tá BOO Chorcaí freagrach as maoiniú a riaradh do níos mó ná 35 tionscadal agus seirbhís óige ar fud Chathair agus Chontae Chorcaí.

Faigheann an Fhoireann Seirbhísí Óige tacaíocht ó Sheirbhísí Corparáideacha chun monatóireacht a dhéanamh ar dheontais do pháirtithe leasmhara éagsúla. Tá próifiliú suntasach limistéir ag teastáil don scéim, dar teideal “UBU, D’Áit Do Spás”, chun na riachtanais i measc an chohóirt spriocdhírthe a aithint agus chun cuir chuige dírithe oiriúnacha a fhorbairt in éineacht le soláthraithe seirbhíse chun na riachtanais sin a chomhlíonadh. Tá sé seo á fhorbairt i gcónaí.

Déanann Coiste den Bhord maoirseacht ar Sheirbhísí Óige BOOC atá freagrach as pleanáil straitéiseach agus monatóireacht.

## Ógtheagmháil

Ag teacht le plean straitéiseach BOOC, tá sé mar aidhm againn oideachas agus oiliúint ardchaighdeáin a sholáthar a léiríonn réaltachtaí an domhain nua-aimseartha agus a mhéadaíonn deiseanna dul chun cinn foghlaimoírí chuig fostaíocht agus/nó breisoideachas.

Is clár oideachais agus oiliúna é Ógtheagmháil do dhaoine óga idir 15 agus 20 bliain d’aois, a dteastaíonn rogha eile uathu ón suíomh foirmiúil oideachais. Díríonn an clár Ógtheagmhála mar a chéile ar fhorbairt scileanna acadúla, gairme agus boga agus tá deis ag foghlaimoírí teastas a fháil ag Leibhéal 3 agus Leibhéal 4. Éascaíonn an clár a rochtain, a n-aistriú agus a ndul chun cinn chuig breisoideachas, oiliúint agus fostaíocht.

## Litearthacht d'Aosaigh

Díríonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar Sheirbhís chomhtháite Oideachais Litearthachta d'Aosaigh a chur ar fáil le creidiúnú ó Leibhéal 1-6, ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Laistigh den sainchúram seo soláthraíonn Seirbhís Litearthachta BOOC na réimse leathan clár dírithe ar scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, uimhearthachta agus TFC a fheabhsú d’aoisigh ar mian leo a n-inniúlachtaí a fheabhsú agus a rannpháirtíocht fheidhmiúil sa saol pearsanta, sóisialta, pobail agus eacnamaíoch a fheabhsú. Tá na cláir a

chuirtear ar fáil éagsúil agus solúbtha agus bíonn idir thacaíocht 1:1 ó shaorálaithe, dhianteagasc grúpa agus thorthaí creidiúnaithe/deimhnithe. Díríonn an deimhniú ar thorthaí foghlama ag leibhéal 1-3 CNC.

Oibríonn an tseirbhís go dlúth leis an tSeirbhís um Oideachas Aosach níos leithne chun roghanna dul chun cinn foghlaimeoirí a sholáthar a bhaineann go sonrach le riachtanais na bhfoghlaimeoirí, na bhfostóirí agus an cheantair gheografaigh. Idirchaidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe le linn an phróisis phleanála lena chinntiú go seachadtar cláir fhriothálacha iomchuí ag Leibhéal 3 le bealaí dul chun cinn soiléire chuig cláir Leibhéal 4 agus 5.

Tríd an gclár Scileanna don Obair, téann an tseirbhís litearthachta i dteagmháil le fostóirí chun cláir a sheachadadh atá dírithe ar leibhéal inniúlachta na bhfostaithe le leibhéal ísle cáilíochtaí oideachais a ardú, scileanna riachtanacha TF a fheabhsú a chuireann ar chumas fostaithe déileáil le hathruithe rialta agus leanúnacha ar chleachtais oibre. Cuirtear teagasc ESOL ar fáil suas go Leibhéal 3 CNC agus tugtar tosaíocht d'iarrthóirí tearmainn agus d'oibrithe inimircigh nó imirceacha ar ioncam íseal ón AE. Tugann an clár um Fhoghlaim Teaghlaih tacaíochtaí fíorthábhachtacha do thuismitheoirí a bhfuil a gcuid oideachais féin teoranta, ag cuidiú leis na constaicí idir an fhoghlaim i gcomhthéacsanna éagsúla a bhriseadh síos.

## Oideachas Pobail

Cuirtear Oideachas Pobail ar fáil i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí pobail chun deiseanna foghlama áitiúla a sholáthar. Is í an aidhm ná tógáil ar chumas na bpobal áitiúil dul i mbun freagraí ar mhíbhuntáiste oideachais agus struchtúrach a fhorbairt.

Déantar seirbhísí Oideachais Aosach agus Pobail BOO Chorcaí a bhainistiú agus a chomhordú ar bhonn fo-réigiúnach, agus tá ceithre limistéar phleanála agus seachadta ailínithe le ceantair an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ), Corcaigh Thuaidh, Corcaigh Theas, Corcaigh Thiar agus Cathair Chorcaí.

Cé go bhfuil formhór na gcúrsaí a chuirtear ar fáil faoi na cláir sin ar bhonn páirtaimseartha, tá siad struchtúrtha ar bhealach a éascaíonn dóibh rochtain a fháil ar bhreisoideachas, oiliúint agus fostaíocht, nó aistriú chucu nó dul ar aghaidh go dtí iad, más más mian leis na rannpháirtithe. Cuireann siad meascán de chláir chreidiúnaithe / deimhnithe ar fáil, go ginearálta ag Leibhéal 2 go 4 den CNC, le roinnt clár forbartha acmhainne neamhchreidiúnaithe dírithe ar fhoghlaimeoirí nach bhfuil oideachas foirmiúil críochnaithe acu.

## Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas (BTEI)

Is é aidhm fhoriomlán an chláir Tionscnamh um Fhilleadh ar an Obair ná méadú a chur ar

rannpháirtíocht i measc daoine óga agus daoine fásta nach bhfuil oideachas meánscoile uachtaraí acu i ndeiseanna foghlama páirtaimseartha creidiúnaithe ar féidir dámhachtainní ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a ghnóthú astu chun a éascú dóibh rochtain a fháil ar oideachas eile nó conairí fostaíochta, ó aistriú chucu nó dul ar aghaidh go dtí iad.

Díríonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar Sheirbhís chomhtháite um Oideachas Aosach a chur ar fáil, le creidiúnú ó Leibhéal 1-6, ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Mar chuid

den tseirbhís seo, oibríonn an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas go dlúth le hOideachas Bunata d'Aosaigh, Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais agus an tSeirbhís Oideachais d'Aosaigh chun roghanna dul chun cinn d'fhoghlaimoirí a bhaineann go sainiúil le riachtanais an cheantair áitiúil agus na bhfoghlaimoirí a chur ar fáil. Déanann an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas idirchaidreamh le Coláistí Breisoideachais, Soláthar Oiliúna agus Comhordaitheoirí Ógtheagmhála lena chinntiú go seachadtar cláir friothálacha ag Leibhéal 4 ar chláir PLC Leibhéal 5.

Díríonn an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas go príomha ar chúrsaí QQI Leibhéal 4 a sholáthar le Leibhéal 3 agus 5 á seachadadh ar leibhéal níos lú. Soláthraíonn na cúrsaí seo bealach dul chun cinn ó chúrsaí leibhéal níos ísle agus freisin dul ar aghaidh chuig cúrsaí lar-Ardeistiméireachta agus Ionad Oiliúna.

## Seirbhísí Treorach Chorcaí

Cuireann Seirbhísí Treorach BOO Chorcaí seirbhís rúnda, neamhchlaonta agus saor in aisce ar fáil atá ar fáil d'fhoghlaimoirí fásta reatha agus do dhaoine fásta dífhostaithe a bhfuil cáilíocht (i) QQI níos lú ná Leibhéal 6 acu. Cuidíonn ár bpearsanra Treorach le foghlaimoirí a gcuid spéiseanna agus a gcumas a iniúchadh agus na roghanna cúrsa is fearr a aithint.

## Seirbhísí Oideachais Allamuigh

Soláthraíonn Ionad Oideachais Allamuigh Mara Fastnet na Scoile, agus Ionad Oideachais Allamuigh Cionn tSáile raon iomlán clár agus cúrsaí.

## TACAÍOCHT EAGRAÍOCHTÚIL

Tá na seirbhísí a sholáthraíonn tacaíocht eagraíochtúil dírithe ar sheirbhísí neamhfhoghlama a sholáthar atá riachtanach chun cabhrú le hoideoirí agus le hoiliúnóirí díriú ar sheirbhísí díreacha a sholáthar d'fhoghlaimoirí lena chinntiú go bhfuil eispéireas foghlama ar ardchaighdeán acu agus go bhfanann BOO Chorcaí nuálach, freagrúil agus chun tosaigh maidir le soláthar oideachais agus oiliúna.

Ó bunaíodh é tá BOO Chorcaí tar éis athruithe a athbhreithniú agus a chur chun feidhme ar an gcaoi a ndéanann an Phríomhoifig seirbhísí neamhfhoghlama a struchtúrú agus a sholáthar do gach réimse den soláthar foghlama.

Faoi láthair tá na seirbhísí seo roinnte i gcúig rannóg, a bhfuil sainchúram leathan orthu go léir agus atá riachtanach lena chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht na ceanglais maidir le rialachas corparáideach agus í in ann ceanglais a chomhlíonadh faoin raon leathan reachtaíochta a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht.

Cé gur próiseas leanúnach éabhlóide é dearadh eagraíochtúil, tá roinnt tionscadal earnála á ndéanamh ag an ROS ar bhonn náisiúnta. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na tionscadail seo agus go háirithe ag na seirbhísí comhroinnte i bpárola agus in airgeadas ar an gcaoi a bhfuilimid struchtúrtha mar eagraíocht, ar ár gcumas leanúint ar aghaidh ag seachadadh seirbhísí reatha chomh maith lenár gcumas seirbhísí a leathnú mar fhreagairt ar bhrúnna inmheánacha agus seachtracha amhail seachadadh seirbhísí chuig scoileanna neamh-BOO.

Leanann BOO Chorcaí ag glacadh páirte go dearfach i dtionscadail náisiúnta toisc go n-aithnítear gur próiseas forbartha de réir a chéile atá i gceist heagraíocht a fhás agus a fhorbairt.

## Caipiteal & Soláthar

Soláthraíonn an Rannóg Caipitil & Soláthair raon seirbhísí chun tacú le Coláistí agus Ionaid maidir le cláir thógála agus riachtanais soláthair. Tá an dá réimse an-éagsúil, agus is é an raon seirbhísí a chuirtear ar fáil;

### Foirgnimh

- Tionscadail Chaipitil Foirgníochta an BOO do scoileanna nua, síntí, cóiríocht shealadach srl
- Iarratas ar chead pleanála riachtanach agus achomhairc
- Scéim Oibreacha Samhraidh do Scoileanna
- Scéim Oibreacha Éigeandála
- Ábhair thógála féinmhaoinithe BOO
- Bainistíocht Saoraidí - cothabháil AO, éifeachtúlacht fuinnimh BOOC srl a eagrú
- Tacú le scoileanna nach scoileanna BOO iad nuair a iarrann Tionscadail Chaipitil Aonad Tógála ROS air sin

### Soláthar

- Forbairt agus monatóireacht ar nósanna imeachta BOOC (AO agus BOO níos leithne) chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais dea-chleachtais agus C&AG
- Earraí / seirbhísí a sholáthar de réir beartas agus nósanna imeachta
- Orduithe / íocaíochtaí na Ceannoifige)
- Idirchaidreamh a dhéanamh le OGP, BOOÉ, fóraim soláthair srl.
- Clár conarthaí agus athnuachana a choinneáil

## Seirbhísí Corparáideacha

Is í príomhfheidhm na Seirbhísí Corparáideacha a chinntiú go bhfuil struchtúir rialachais i bhfeidhm agus go bhfuil comhlíonadh na gceanglas reachtach agus ciorclach i bhfeidhm agus go bhfuil an t-athbhreithniú ar chórais agus cleachtais oibre agus feabhsú na timpeallachta rialaithe inmheánaigh ag cur leis. Is iad seo a leanas cuid de na sainréimsí faoi shainchúram na rannóige;

- Rialachas Corparáideach
- Cosaint Sonraí
- Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair
- Bainistíocht Maoine agus Ar Léas
- Margaíocht
- Bainistíocht na gComhaontuithe Leibhéal Seirbhíse
- Scéim na dTeangacha Gaeilge Oifigiúla
- Árachas
- Seirbhísí Tacaíochta Riaracháin don Bhord agus don Fheidhmeannas

## Acmhainní Daonna

Soláthraíonn an Roinn Acmhainní Daonna raon seirbhísí a thacaíonn le Bainisteoirí agus foireann BOO Chorcaí. Clúdaíonn na seirbhísí gach gné den fhostaíocht ó “earcaíocht go scor” de bhall foirne lena chinntiú go gcomhlíonann BOO Chorcaí agus a Bhainisteoirí reachtaíocht fostaíochta agus ciorclán. Is iad seo a leanas cuid de na seirbhísí a chuirtear ar fáil;

- Earcaíocht
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
- Leithdháileadh agus Úsáid Foirne
- Bainistíocht Conartha
- Riarachán Párolla
- Riarachán Saoire
- Sláinte Ceirde
- Comhaontuithe agus/nó córais náisiúnta a chur chun feidhme
- Caidreamh Foirne
- Oiliúint Foirne agus Forbairt
- Aoisliúntas

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Tá ról TFC ag teacht chun cinn i ngach gné de sheirbhísí BOO Chorcaí. Tá méadú suntasach tagtha ar a thábhacht ó thaobh tacú le riarachán agus rialachas mar aon le teagasc agus foghlaim. Mar Rannóg, is mar seo a leanas a bhfuil raon na seirbhísí agus tacaíochtaí do Choláistí/Ionaid;

- Bainistíocht Tionscadail ar chórais nua lena n-áirítear uasghrádaithe
- Forbairt agus bainistíocht bonneagair orthu sin
- Córais bogearraí agus uasghráduithe iomchuí a shainiú ina leith
- Córais cumarsáide a fhorbairt agus a chothabháil
- Tacaíocht Theicniúil
- Bainistíocht Conraitheoirí
- Seirbhís chomhairleach do sholáthar
- Pleananna Cúltaca / Aisghabhála Tubaiste
- Cosaint agus Slándáil Sonraí TF
- Bainistíocht agus caiteachas Deontas TFC Caipitil agus Digiteach
- Bainistíocht ceadúnais bogearraí
- Bainistíocht Gléasanna lena n-áirítear Gléasanna Soghluaiste

## Airgeadas

Déanann Rannóg Airgeadais BOO Chorcaí cuntais BOO Chorcaí a bhainistiú agus cuireann sí maoirseacht airgeadais agus comhairle ar fáil chun comhlíonadh na reachtaíochta agus na ciorclán a chinntiú. Is iad seo a leanas cuid de na seirbhísí a chuirtear ar fáil;

- Íocaíochtaí agus nósanna imeachta gaolmhara, ceaduithe, rialuithe agus comhlíonadh (lena n-áirítear párolla, oiliúint ar conradh, creidiúnaithe, deontais agus Taisteal & Cothú)
- Baintéireacht
- Tuairisciú agus réiteach cuntas maidir le hidirbheart airgeadais
- Ráitis Airgeadais Bhliantúla a ullmhú



- Buiséadú agus réamh-mheastacháin
- Éilimh Chiste Sóisialta na hEorpa a bhainistiú
- Sruthanna maoinithe a bhainistiú
- Iniúchtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Chiste Sóisialta na hEorpa a chomhordú
- Athbhreithniú ar Theimpléid Rialaithe Inmheánaigh
- Rianú Iniúchta
- Cláir Sócmhainní

## **SEIRBHÍSÍ EILE**

### Seirbhísí Naíolainne

Feidhmíonn BOO Chorcaí dhá naíolann, Lios Na nÓg agus Cuddles. Soláthraíonn na seirbhísí seo seirbhísí luathbhlianta d'fhoghlaimoirí, don fhoireann agus tacaíonn siad le teaghlaigh i bhfostaíocht le socrúcháin riachtanacha cúram leanaí. Tá na socrúcháin a thairgtear ar bhonn lánaimseartha agus oibrítear gach scéim stáit sa dá naíolann de réir na riachtanas maoinithe mar atá leagtha amach ag POBAL agus oibríonn siad de réir threoirlínte FSS.

## 7. Fáltais agus Caiteachas Réamh-Mheasta 2021

### Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

#### Fáltais & Caiteachas Réamh-mheasta

	** Tuartha ag deireadh na bliana 31/12/2021 €	*Dréachtfhigiúirí ag deireadh na bliana 31/12/2020 €
<b>FÁLTAIS</b>		
Deontais na Scoileanna & na Ceannoifige	105,769,027	103,934,999
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	86,633,957	77,314,938
Deontais Sheirbhísí Óige	4,200,000	3,993,122
Gníomhaireachtaí & Tionscadail		
Féinmhaoinithe	9,500,000	8,737,909
Caipiteal	20,000,000	41,883,872
	<u>226,102,984</u>	<u>235,864,840</u>
<b>ÍOCAÍOCHTAÍ</b>		
Scoileanna & An Phríomhoifig	105,900,000	102,543,508
Breisoideachas agus Oiliúint	86,633,957	72,480,731
Seirbhísí Óige	4,200,000	4,090,418
Gníomhaireachtaí & Tionscadail		
Féinmhaoinithe	9,300,000	8,485,465
Caipiteal	19,800,000	43,427,709
	<u>225,833,957</u>	<u>231,027,831</u>
<b>Barrachas don Tréimhse</b>	269,027	4,837,009

#### \*Neamhiniúchta

\*\* Léiríonn Deontais Breisoideachais agus Oiliúna aistriú mhaoiniú PLC ón ROS go SOLAS  
Tá próiseas Buiséadaithe SOLAS fós ar siúl.